Tuarascáil do Leanaí ar an gComhairliúchán Poiblí

national children's strategy

straitéis náisiúnta leanaí

A Chairde Óga,

Scríobh sibh chugam agus thug sibh cuireadh dom teacht chuig bhur scoileanna agus chuig bhur n-eagraíochtaí le cúpla mí anuas chun bhur mbarrúil a thabhairt dom faoi fhás suas in Éirinn agus gach a measann sibh a bheith tábhachtach don todhchaí. Chuaigh bhur gcuid tuismitheoirí, múinteoirí, oibrithe cúraim agus daoine eile a oibríonn i seirbhísí ar bhur son i dteagmháil liom freisin chun mé a chur ar an eolas faoinar cheap siadsan a bheith tábhachtach.

Bhain mé an-taitneamh as gach rud a léamh.

Nascann an leabhrán seo na moltaí ar fad a rinneadh. Cuideoidh bhur dtuairimí linn plean a chruthú a chuirfidh feabhas ar shaol leanaí thar na deich mbliana atá amach romhainn.

Go raibh míle maith agaibh faoi chead a thabhairt dom éisteacht lena raibh le rá agaibh.

Mary Hanafin

Mary Hanafin T.D.
Aire Stáit le Freagracht as Leanaí.

Réamhrá

Is plean í an Straitéis Náisiúnta Leanaí atá an Rialtas a dhéanamh do leanaí suas go dtí 18 bliain d'aois.

Cinnteoidh an plean :

- go mbeidh óige mhaith agaibh ar féidir libh taitneamh a bhaint aisti,
- go mbeidh gach cabhair a theastaíonn uaibh ar fáil agaibh agus sibh ag fás suas agus
- nuair a fhásfaidh sibh suas, go leanfaidh sibh le bhur gcion a dhéanamh chun go mbeadh Éire in háit mhaith chónaithe.

2

Seo í an chéad uair ar iarr an Rialtas cabhair oraibh agus iad i mbun plean do leanaí a leagan amach. Chun sibh a chur ar an eolas faoi seo, chuireamar fógraí i nuachtáin agus in irisí, chuaigh an tAire Leanaí ar Den2 TV chun labhairt le leanaí óga, cuireadh teachtaireacht ar an Scoilnet agus ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte agus Leanaí (an áit ina n-oibríonn an tAire). Thug an tAire cuairt freisin ar eagraíochtaí agus ar scoileanna ar fud na tíre. Ba í an aidhm a bhí aici éisteacht lena raibh le rá agaibh, chun go gcabhrófaí linn an plean do leanaí a dhéanamh.

Ba léir ón bhfreagairt mhór a thug sibh nuair a d'iarr an tAire bhur gcabhair a mhéid agus is mian libh go gcloisfí bhur dtuairimí. Sheol 2,488 leanbh teachtaireachtaí chugainn chun cabhrú le déanamh na Straitéise. Sheol os cionn 300 de bhur dtuismitheoirí, múinteoirí, oibrithe cúraim agus daoine eile a oibríonn i seirbhísí ar bhur son, teachtaireachtaí chuig an Aire chun gach ar mheas siadsan a bheith tábhachtach a chur in iúl agus thug siad moltaí don bhealach is fearr le cabhrú libh.

Is tuarascáil speisialta é seo daoibhse chun sibh a chur ar an eolas faoina raibh sna litreacha.

Foilseofar an Straitéis Náisiúnta Leanaí go luath. Bronnfar cóip oraibh siúd ar fad a chur leis an Straitéis.



Dúirt sibhse, na leanaí....

D'iarramar oraibhse agus ar leanaí mar sibh féin insint dúinn cad a cheap sibh faoi Éirinn mar áit chun fás suas inti. Dúirt sibh linn gurb iad na rudaí a dhéanann sona sibh:

3

Cónaí i dtír álainn ...

'...dá n-iarrfadh duine éigin orm aistriú, ní aistreoinn mar gur aoibhinn liom a bheith i mo chónaí in Éirinn mar gur tír álainn í.'

Cherie

'Is áit iontach chónaithe í Éire. Tá sí go maith mar go mbíonn na faichí go hálainn agus go bhfuil spraoi ag baint le cónaí inti. Ceapaim mar sin féin gur féidir leat í a dhéanamh thar barr ar fad'.

Eimear

A bheith mar chuid de theaghlach a ghránn tú ...

'Cónaíonn go leor teaghlach in aice lena chéile agus tá sé sin go hiontach. Cónaíonn mo mhuintir ar fad i gcomharsanacht a chéile agus bíonn siad ann i gcónaí má bhíonn aon fhadhb ann.'

Paula

'Tá an t-ádh lenár bhformhór go bhfuil tuismitheoirí grámhara, cineálta againn.'

Julie

4 Agus cairde agus daoine a bhfuil gean acu oraibh a bheith in bhur dtimpeall ...

'Tá tuiscint mhaith aontachta ag muintir na hÉireann agus fásann leanaí suas in Éirinn ag mothú go mbaineann siad le pobal, rud atá níos mó ná díreach teaghlach.'

Greg

I measc na rudaí a dúirt sibh a bhí tábhachtach bhí súgradh agus gach a ndéanann sibh in bhur n-am saor, an scoil, sábháilteacht agus an timpeallacht.

I dtaobh shúgartha agus ghníomhaíochtaí áineasa ...

Ceann de na rudaí a scríobh beagnach gach duine agaibh faoi ná go dteastaíonn níos mó áiteanna súgartha agus bualadh le daoine agus go mbeadh níos mó réimsí curtha ar fáil daoibh chun scátáil iontu agus imeacht ar lanna-rothacha iontu ...

'Thug mé faoi deara go bhfuil go leor tithe tábhairne, bialanna, músaem &rl ann do dhaoine fásta ionas gur féidir leo lá maith a bheith acu ach níl aon pháirceanna lanna-rothacha ná páirceanna cláir-scátála ann do leanaí mar mé féin chun spraoi a bheith acu.'

Colm

Do roinnt díbh a chónaíonn lasmuigh de na bailte móra, bhí seo an-tábhachtach ...

'Níl aon saoráidí ag na daoine i mo rangsa ...Más é do thoil é déan dlí ionas go mbeidh ar thógálaithe níos mó spáis do pháirc agus do shaoráidí leanaí a sholáthar agus rochtain ar chóras taistil chuig an siopa nó an lár baile is gaire a chur ar fáil.'

Timmy

5

Tá tábhacht ar leith ag baint leis go gcosnófar na láithreacha súgartha ...

'Cónaím i _____. Is áit an-gharbh í, bíonn creachadóirí i ngach áit. Dá dtógfaí láthair shúgartha anseo, dhéanfaí creachadóireacht uirthi mar nach mbeadh aon mheas ag na daoine ar an áit ... Dá mbeadh a fhios ag na daoine fásta cé chomh tuirseach de bharr díomhaoine a éirimid agus gan tada le déanamh againn'.

Jason

Agus tá sé tábhachtach go n-éistimis libh faoina bhfuil uaibh agus muid ag pleanáil ...

'Conas is féidir linn rudaí a fheabhsú ? Dá gcruthófaí níos mó gníomhaíochtaí don tréimhse tar éis na scoile choinneodh sé na gasúir de na sráideanna ach chun

seo a dhéanamh teastaíonn maoiniú uainn agus ba chóir dul i gcomhairle le leanaí chun a dtuairimí a lorg faoi cad atá 'cool".

Muireann

Faoin scoil ....

Dúirt sibh go raibh an scoil go maith mar go raibh go leor rudaí le foghlaim ann agus bealaí éagsúla chun foghlamtha ....

'Tá córas maith oideachais anseo in Éirinn. Tá teilifíseáin agus taifeadáin téipe/dlúthdhiosca i mbeagnach gach seomra ranga in ár scoilsean. Tá teacht againn ar an Idirlíon freisin in ár seomra ríomhairí.'

Emma

Theastaigh uaibh go n-iarrfaí bhur dtuairimí sna scoileanna ....

'Ceapaim nár cheart do na daoine fásta na socruithe ar fad a dhéanamh do leanaí, san oideachas mar shampla. Ba cheart go mbeadh cead cainte ag leanaí sa chaoi a múintear iad.'

Jimmy

Agus go bhfuil riachtanais scoile ar leith daoibhse atá faoi mhíchumas ar cheart freastal orthu gar don áit a gcónaíonn sibh.

'Tá deartháir óg agam a bhfuil Siondróm Down air. Rinne mo Mhamaí iarracht agus ní féidir léi teacht ar scoil fheiliúnach. Cuir ceann ar fáil, le do thoil, i gceantar _____.'

Gan Ainm.

I measc na rudaí eile a scríobh sibh faoi, bhí:

- brú scrúduithe;
- na hábhair is maith libh agus nach maith libh a fhoghlaim sa scoil, agus
- na nithe a cheapann sibh ar cheart a bheith sa scoil, mar shampla, láthair shúgartha, proinntithe agus taisceadáin.

Scríobh roinnt díbh faoi dul chuig an scoil agus na busanna scoile, ar cheap sibh ar cheart feabhas a chur orthu.

Faoin Timpeallacht ...

Scríobh go leor agaibh faoin timpeallacht agus an tionchar atá aici oraibh. Is iad na rudaí a bhí ag cur as díbh:

- a laghad athcúrsála atá ann;
- níos lú spásanna glasa chun súgradh iontu agus níos lú crann le dreapadh;
- an líon bruscair agus an chaoi ar féidir le bruscar a bheith dainséarach.

Mhol sibh gur cheart níos mó boscaí bruscair a bheith ann mar aon le níos mó athchúrsála agus go mbeadh lámh ag gach duine in Éirinn a choimeád glan ...

8

'Ceapaim má athchúrsálann daoine a n-éadaí, plaisteach, gloine agus páipéir go mbeidh an t-aer níos soiléire.'

Hannah

'Tá a fhios agam nach féidir leat seasamh i lár an uaignis agus an cinneadh a dhéanamh go gcaithfidh tú an chuid eile de do shaol ag piocadh suas bruscair, ach ar chuala tú riamh faoin ráiteas 'bailíonn brobh beart'.'

Ashling

'Is gearr nach mbeidh aon áit ghlas fágtha mar gheall ar an tógáil ar fad atá ag tarlú. Bhínn ag baint an-taitnimh as siúlóidí fada sa chlochar dá mbeadh rud éigin ag cur buartha orm, ach anois níl aon áit agam le dul ann i gcomhair siúlóidí nuair a bhíonn buairt orm.'

Tiffaney

Maidir le sábháilteacht ...

Labhair roinnt agaibh faoin gcás nach bhfuil aon ghortaí, aon thuillte ná aon tornádónna sa tír seo faoi mar atá i dtíortha eile. Bhraith sibh dá bhrí sin go raibh sibh níos sábháilte agus go raibh níos mó den ádh oraibh ná leanaí i dtíortha eile sin. Dúirt sibh go raibh sibh sásta nach raibh aon chogadh anseo. Labhair sibh faoin súil a bhí agaibh nach gcuirfidh níos mó buamaí agus scaoileadh piléar as do na leanaí a chónaíonn i dTuaisceart na hÉireann. Dúirt sibh freisin go mbraitheann sibh sábháilte an chuid is mó den am.

Ach bhain na rudaí a chur imní oraibh faoina bheith sábháilte le trácht agus ionsaí a dhéanamh oraibh. Labhair sibh faoin gcaoi go mbíonn imní ar bhur tuismitheoirí fúibh agus sibh ag siúl go dtí an scoil nó ag súgradh sna sráideanna.

'Fadó thugtaí cead do leanaí dul amach ag súgradh ar an tsráid agus d'fhéadaidís fanacht amuigh go dtí a naoi a chlog, ach anois tá an iomarca imní ar thuismitheoirí mar gheall ar an líon ionsaithe agus fuadaigh a chloiseann siad fúthu ar an nuacht.'

Susan

'Ceapaim gur áit mhaith shábháilte chónaithe í Éire mar nach bhfuil daoine ag rith thart faoi mar atá i bpáirteanna de Mheiriceá. Nuair a scaoil na buachaillí sin faoina gcomhscoláirí – ceapaim go bhfuil sé sin déisteanach.'

Diane

Maidir le leanaí a dteastaíonn cabhair bhreise uathu ...

D'inis roinnt díbh dúinn faoi bhur mbarrúil go bhfuil deashaol ag formhór na leanaí in Éirinn ach amanna go mbraitheann sé sin ar an méid airgid atá ag bhur dteaghlach, nó an cineál áite a gcónaíonn sibh inti, nó cén chuid den tír a gcónaíonn sibh ann.

'An áit mhaith chónaithe í Éire ? Is ea, má tá teaghlach grámhar agat, ag a mbíonn ioncam maith go leor, mar aon le teaghlach tacúil agus pobal deas. I gcás fhormhór an daonra, tá an saol in Éirinn go maith ... Mar sin féin, mura bhfuil tú chomh maith as, má tá riachtanais leighis, fhoghlamtha nó mhothaitheach agat agus go bhfuil na dálaí teaghlaigh míshuaimhneach nó tolgtha ag ól, drugaí nó an galar dubhach, tá rudaí an-difriúil.'

Erica

D'aithin sibh nach bhfuil na leanaí ar fad chomh hádhúil libh féin agus go gcaithfidh muid a chinntiú go dtabharfar aire mhaith do leanaí ...

'I ndeireadh an lae is féidir leat go leor rudaí sa saol a roghnú ach ní féidir leat do theaghlach a roghnú agus is mór an náire é go gcaithfidh leanaí fulaingt mar gheall nach bhfuil ioncam mór ag a dteaghlach.'

Erica

'Bheadh sé go hiontach mura mbeadh a leath oiread daoine gan dídean ann. Gach uair a bhfeicim duine atá gan dídean bíonn trua agam dó.'

Seán

'An bhféadfá iarracht a dhéanamh cabhrú leis na

handúiligh éirí as na drugaí, mar bíonn siad ina suí ar na sráideanna ag tógáil drugaí. Agus nuair a imíonn siad fágann siad na drugaí ansin faoi láimh aon duine agus amanna ní bheadh a fhios agat nach leanaí a gheobhadh iad.'

Sinéad

'Téim ar scoil agus meascaim lena lán daoine óga gach lá. Tá go leor daoine míshásta ... Tá go leor ag fulaingt ina gcroí istigh.'

Evelyn

Scríobh roinnt agaibh faoin saol a bhaineann lena bheith mar bhall den lucht siúil, a bheith gan dídean nó gan a bheith i bhur gcónaí le bhur muintir agus an gortú a bhraitheann sibh ...

'Ba mhaith liom go n-aontódh na daoine lonnaithe linn, ní hea, ní aontú linn ach ... Ba mhaith liom go gcaithfí go cothrom linn ...'

Gan Ainm.

'Glaonn na leanaí tincéirí orainn...agus ní dhéantar aon rud faoi. Dá nglaodh muidne ainmneacha orthu, chuirfí ar fionraí ón scoil muid.'

Gan Ainm.

Níl sé an-deas ar na sráideanna. Bíonn sé fuar agus uaigneach agus casann gach saghas duine ort. Teastaíonn baile uaim ach ní féidir liom ceann a fháil. Níl aon rud agam a bhféadfainn a bheith ag súil leis agus níl aon rud le déanamh agam.'

B.

'Nil uaim ach deis a fháil sa saol, deis chun a thaispeáint do dhaoine cé mé féin ó cheart agus a bhfuil ar mo chumas a bhaint amach, deis saol deas a bheith agam – ní hí an oiread sin le hiarraidh í an deis sin.'

V.

'Ba mhaith liom go mbeadh rogha ceart maidir le socruithe cónaí ann do gach leanbh agus duine óg atá oiriúnach dá riachtanais.'

Gan Ainm.

'Ba mhaith liom na cloig a chur siar do na leanaí ar fad faoi chúram ionas nach mbeadh orthu a dhul faoi chúram sa chéad áit.'

Gan Ainm.

Maidir le cead cainte ...

Ba é an rud is tábhachtaí a d'iarr sibh orainn, arís agus arís eile, go gcaithfimidne éisteacht le bhur dtuairimí ...

'Ba cheart do dhaoine smaoineamh níos mó faoi thuairimí leanaí ... Táim sásta go bhfuil ár Rialtas ag glacadh an ama chun éisteacht lenár dtuairimí.'

Susan

'An t-aon rud a d'athróinn go n-éisteoimis níos mó le leanaí agus le daoine óga ár náisiúin mar gur muidne an chéad ghlúin eile a chaithfidh an tír a riaradh. Is féidir le guth na soineantachta amanna a bheith níos cliste ná taithí céad bliain.'

Anne Marie

'Ceart go leor, b'fhéidir go bhfuil daoine ag gníomhí ar ár son, ach fós níl ról díreach ag daoine óga, ar bhealach amháin, i dteacht ar chinneadh faoin rud is fearr dár dtodhchaí.'

Darren

Ar deireadh ...

Tá bhur gcuid tuairimí ar fad an-tábhachtach. Dúirt sibh linn go gcaithfimid éisteacht le gach a bhfuil le rá agaibh. Tá tuairimí agaibh faoi go leor rudaí. Is é an príomhrud a chinntiú go bhfaighidh leanaí na hÉireann deis chóir saol maith a bheith acu.

Dúirt duine agaibh ...

'Is mian liom go dtabharfar grá do gach leanbh faoi mar a thugtar grá domsa.'

Daphne

Lean ort ag léamh chun tuairimí na ndaoine fásta a fháil amach...!

Dúirt na daoine fásta ...

Scríobh go leor tuismitheoirí, seantuismitheoirí, múinteoirí, oibrithe cúraim agus daoine eile a oibríonn le leanaí chugainn. D'inis siad dúinn na rudaí a cheap siad a dhéanfadh fás suas in Éirinn níos fearr daoibhse.

Dúirt na daoine fásta gur leanaí trian de na daoine a chónaíonn in Éirinn ach nach dtugaimid a ndóthain airde oraibh. Tá sé an-tábhachtach nuair atáimid ag déanamh polasaithe agus pleananna go dtabharfaimid aird ar gach a bhfuil go maith daoibhse.

Cabhrú le bhur dteaghlaigh cabhrú libhse ...

Tá bhur deaghlaigh an-tábhachtach daoibh. Mar sin caithfimid a chinntiú go bhfaighimid cabhair uaibhse agus ó bhur dtuismitheoirí gach uair a dhéanaimid plean. Cabhróidh sé seo linn obair níos fearr a dhéanamh.

Ceapann na daoine fásta go gcaithfear roinnt rudaí a dhéanamh chun fás suas a éascú daoibhse agus do bhur dteaghlaigh. Seo a leanas na rudaí a d'éascódh é:

- Ba cheart do mbeadh níos mó eolais agus cabhrach ann do thuismitheoirí;
- Teastaíonn am ó bhur tuismitheoirí ar féidir leo a chaitheamh libh. Tá tábhacht ar leith leis seo nuair a oibríonn bhur dtuismitheoiri taobh amuigh den teach;

- Ba cheart a thuiscint agus meas a bheith ar an obair a dhéanann daoine i gclubanna agus spórt leanaí mar aon le gníomhaíochtaí eile;
- Ba cheart go mbeadh naíolanna lae agus réamhscoileanna maithe agus cinn nach bhfuil ró-chostasach ar fáil do thachráin;
- Ba cheart go bhfaigheadh teaghlaigh nach bhfuil mórán airgid acu cabhair speisialta.

Maidir leis an scoil ...

Dúirt na daoine fásta go bhfuil na deiseanna atá agaibh ar scoil níos fearr anois ná mar a bhí do leanaí blianta ó shin. Is fíor seo mar gheall go bhfuil naíonraí agaibh, ábhair éagsúla le foghlaim agus bealaí éagsúla chun rudaí a fhoghlaim. Má tá sibh faoi mhíchumas tá sé tábhachtach go bhfoghlaimeoidh sibh i mbealaí a oireann daoibh.

Ach cheap siad freisin nach le haghaidh scrúduithe amháin atá na nithe a fhoghlaimíonn sibh ar scoil. Dúirt siad gur cheart daoibh foghlaim faoin dainséir a bhaineann le drugaí, alcól agus caitheamh tobac chomh maith le nithe eile a chuideoidh libh a bheith i bhur dtuismitheoirí maithe nuair a fhásfaidh sibh suas. Baineann tábhacht lena chinntiú go go gcríochnóidh leanaí a dtréimhse scolaíochta, go háirithe más mian libh post maith a bhaint amach. Má theastaíonn aon chabhair uaibh, caithfimid cabhrú libh níos túisce.

Maidir le bhur sláinte ...

Dúirt na daoine fásta go bhfuil beagnach gach duine agaibh níos sláintiúla ná leanaí a rugadh blianta ó shin. Ach, fós, caithfimid a chinntiú go bhfuil cúram maith sláinte ar fáil do leanaí.

Tá sé tábhachtach go mbeidh aire mhaith le fáil agaibh agus go gcoinneofar sábháilte ó thimpistí sibh.

Má chuirtear go dtí an t-ospidéal sibh, is féidir le bhur tuismitheoirí cabhrú leis na dochtúirí agus na haltraí chun cinntí maithe a dhéanamh. Ba cheart do na dochtúirí agus na haltraí insint daoibh cad atá ag tarlú agus ba cheart go mbeadh sibh i dteannta leanaí eile.

Dúirt na daoine fásta freisin go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfimis go mbíonn imní de bhur gcuid féin ó am go chéile oraibh. Tharlódh seo dá mbeadh bhur gcuid teaghlach ag troid, dá mbásfadh duine éigin a bhí gar daoibh nó fiú nach dteastaíonn uaibh ach na rudaí atá ag goilliúint oraibh a phlé. Nuair a tharlaíonn seo, tá sé tábhachtach go mbeadh duine éigin agaibh a bhféadfaidh sibh labhairt leis/léi.

Leanaí a dteastaíonn cabhair bhreise uathu ...

Dúirt na daoine fásta go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh am deas ag na leanaí in Éirinn agus iad ag fás suas. Caithfimid bealaí níos fearr a aimsiú chun cabhrú libh:

- má bhíonn sibh faoi mhíchumas;
- más baill den lucht siúil sibh;
- má tá sibh gan dídean;
- má chónaíonn sibh i dteaghlaigh bhochta;
- má tá trioblóid agaibh leis an dlí;
- má tháinig sibh as tír éigin eile.

Má chónaíonn sibh sa tír, tá sé tábhachtach go mbeadh na saoráidí céanna agaibh agus atá ag leanaí eile nó gur féidir libh teacht orthu go héasca.

Na rudaí a cheap siad atá tábhachtach daoibh ...

Dúirt na daoine fásta gur daoine an-tábhachtacha iad na leanaí in Éirinn. Mar sin, caithfimid éisteacht libh sna scoileanna, sna hospidéil agus i bhur gclubanna óige.

Caithfimid bealaí nua a aimsiú freisin chun bhur dtuairimí a fháil amach. Caithfimid a chinntiú go mbeidh a fhios ag gach duine fásta conas cabhrú libh labhairt faoin rud ar mian libh a rá.

Nuair a dhéanaimid pleananna agus polasaithe daoibh, caithfimid labhairt libh, le bhur dteaghlaigh agus le daoine eile atá tábhachtach daoibh. Ar an gcaoi seo is féidir linn a fháil amach cad atá tábhachtach daoibh agus a chinntiú go bhfuil sibh ag fáil gach rud atá riachtanach daoibh.

Tá sé tábhachtach freisin:

- go dtuigfear bhur bhfiúntas agus go dtabharfar an deis daoibh bhur gcuid tallainn ar fad a fhorbairt an oiread agus is féidir agus go mbeidh deis agaibh neart taithí saoil maithe a bhaint amach;

- gur cheart go mbeadh meas ag gach duine ar chearta leanaí, faoi mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh;

- go gcaithfear go cothrom libh ar fad agus gur cuma má tá reiligiún difriúil agaibh, nó dath difriúil craicinn nó cumais dhifriúla. Má chaithfear go cothrom libh, dúirt na daoine fásta go bhfoghlaimeodh sibh conas caitheamh le leanaí eile agus le daoine fásta go cothrom.

18

Gach a ndéanfaidh an Stráitéis Náisiúnta Leanaí ...

Ceapann formhór na ndaoine fásta gur smaoineamh maith é déanamh na Straitéise Náisiúnta Leanaí mar go gcabhróidh sé le :

- teaghlaigh agus gach duine a ghránn agus a chúramaíonn do leanaí;
- comhoibriú na ranna rialtais agus na ndaoine a oibrionn i seirbhísí a mbaineann leanaí úsáid astu chun rudaí a fheabhsú daoibhse;
- daoine fásta éisteacht libh;
- libh bhur bpáirt a ghlacadh i bhur saol féin agus saol na leanaí ar fad atá in Éirinn a fheabhsú.

Meán Fómhair, 2000

Bunaithe ar thuairisc ó Colgan and Associates

Notes

Notes

Notes

Notes

national children's strategy

straitéis náisiúnta leanaí

Floor 3
94 St. Stephen's Green
Dublin 2
Ireland

Tel 00 353 1 418 0582
Fax 00 353 1 418 0819
Email child_strategy@health.irlgov.ie